



### **Taispeántas sealadach ‘Óige Mhíshuaimhneach:**

An 1 Márta 2019, osclóidh Áras Stair na hEorpa a dhara taispeántas sealadach dar teideal “Óige Mhíshuaimhneach: ag fás aníos san Eoraip, 1945 go dtí Seo”. Beidh sé ar siúl go dtí deireadh mhí Feabhra 2020.

Pléitear sa taispeántas éispéiris shonracha na hóige, ón oideachas, ón bhfostaíocht agus ó chruthú féiniúlachta, go dtí gníomhaíocht pholaitiúil a bhaint amach agus titim i ngrá. Chun é seo a dhéanamh, clúdaítear sa taispeántas ceithre ghlúin de dhaoine óga a tháinig in aois ag tráthanna rithábhachtacha i scéal na hEorpa: deireadh na 1940idí, na 1960idí, na 1980idí agus na 2000idí.

Maidir le stair na hóige i ndiaidh na 1960idí, tá tuilleadh spéise san ábhar anois agus tá níos mó taighde dírithe air. Sa lá atá inniu ann, meastar go bhfuil tionchar ag an óige. Is mó a fheictear é seo i bhfianaise an mhéid a thit amach le déanaí, amhail an 50ú comóradh ar 1968, rud a léiríonn go bhfuil glacadh go coiteann leis gur dea-rud é daoine óga a bheith i mbun agóidíochta.

Léirítear do chuariteoirí sa taispeántas praiticiúil seo go bhfuil stair na hóige ó na 1940idí i leith bunaithe ar naisc thrasnáisiúnta, corraíl i gcomhair athruithe sóisialta agus tuilleadh saoirse aonair - agus féachaint le feabhas saolta agus léiriú oscailte an chultúir a bhaint amach. Chuaigh na nithe thuasluaite i bhfeidhm ar an tionscadal Eorpach, agus mar sin measadh go raibh daoine óga mar ghrúpa ‘ina gcomhartha’ do staid na mór-roinne. Tar éis na géarchéime eacnamaíche, léiríodh le tionchar na dífhostaíochta agus na heisimirce cé chomh dona agus a bhí cúrsaí. Rinneadh tagairt fiú sa díospóireacht phoiblí do theacht chun cinn ‘ghlúin chailte’ na nEorpach óga.

Pléifear sa taispeántas “Óige Mhíshuaimhneach” cásanna ó gach cearn den Eoraip le 70 bliain anuas, agus an chaoi a bhfuil daoine óga tar éis athrú ó ghrúpa ar mhúnlaigh an stair a saol, go grúpa a dhéanann an stair iad féin.

D’oscail Áras Stair na hEorpa atá lonnaithe in Parc Léopold i gcroílár an cheantair Eorpaigh i mí Bealtaine 2017. Is músaem ar leith é seo toisc go dtugann sé aghaidh ar an Eoraip ina hiomláine agus stair na mór-roinne á phlé aige. Tá sé mar aidhm aige, trí fheasacht a ardú faoi éagsúlacht na ndearcthaí agus na léamha maidir leis an am atá caite, malartú smaointe a spreagadh, agus barúlacha a cheistiú, agus mar sin tuiscint maidir le stair na hEorpa a fheabhsú. Tá an músaem ar oscailt gach lá, tá saorchead isteach ann agus tá an taispeántas buan le fáil sna 24 theanga den Aontas.

